Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2020
(OR. fr)

10611/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0076 (NLE)**

ACP 82
WTO 165
COAFR 241
RELEX 619

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le glacadh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus chód iompair na n eadránaithe |

2020/0076 (NLE)

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, maidir le glacadh na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus chód iompair na n-eadránaithe**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (dá ngairfear "Comhaontú" anseo feasta)[1] a shíniú thar ceann an Aontais le Cinneadh 2009/156/CE ón gComhairle[2]. Tá sé i bhfeidhm go sealadach ón 3 Meán Fómhair 2016 i leith.

(2) I gcomhréir le mír 1 d'Airteagal 59 den Chomhaontú, glacann Coiste CCE na rialacha nós imeachta lena rialaítear na nósanna imeachta um réiteach díospóidí.

(3) Ba cheart do Choiste CCE, le linn an chéad chruinnithe bhliantúil eile, cinneadh a ghlacadh lena mbunófar na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus cód iompair na n-eadránaithe a ghabhann leo.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Choiste CCE, a leagan síos, maidir leis an gCinneadh lena mbunaítear na nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus cód iompair na n-eadránaithe a ghlacadh agus a mhéid a bheidh sé ceangailteach ar an Aontas.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí seasamh an Aontais laistigh de Choiste CCE a bheith bunaithe ar an togra maidir le Cinneadh ó Choiste CCE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[1] IO L 59, 3.3.2009, lch. 3.

[2] Cinneadh 2009/156/CE ón gComhairle an 21 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile (IO L 59, 3.3.2009, lch. 1).

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Choiste CCE arna bhunú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche eatramhach idir an Cósta Eabhair, de pháirt amháin, agus an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, den pháirt eile, tá sé bunaithe ar an togra maidir le Cinneadh ó Choiste CCE lena nglacfar nósanna imeachta um réiteach díospóidí agus cód iompair na n-eadránaithe[1].

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, an

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

1 Féach doiciméad ST 10612/20 ag an seoladh seo a leanas: http://register.consilium.europa.eu.